



**An Rialálaí Agraibhia**  
**Agri-Food Regulator**

## **Eolas Tábhachtach d'Iarrthóirí**

**Léigh é seo sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach**

## **Príomhriachtanais**

**Carachtar:** Ní mór gur duine a bhfuil dea-cháil air/uirthi gach iarrthóir.

**Sláinte:** Léireodh sláinte gach iarrthóra go mbeadh ionchas réasúnach ann go mbeadh sé/sí in ann seirbhís rialta éifeachtúil a sholáthar.

## **Coinníollacha Fostaíochta**

**Promhadh:** Tá uastréimhse phromhaidh 12 mhí le haghaidh poist sa Rialálaí Agraibhia. Maidir le conarthaí téarma sheasta, i gcás tosca áirithe, amhail neamhláithreach de bharr Saoire Mháithreachais nó Uchtála, féadfar an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí rud dá bhforáiltear faoi Alt 6D (5) den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 (arna leasú). Beidh aon chinntí den sórt sin de réir rogha an POF.

**Incháilitheacht chun Dul san Iomaíocht:** Ní mór d'iarrthóirí, roimh dháta aon tairisceana poist, a bheith ina:

- a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch; nó
- b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- c) Saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
- d) Saoránach neamh-LEE ar céile nó páiste é/í de chuid shaoránach LEE nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- e) Duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 nó aon duine den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- f) Saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir páiste chleithiúnaigh é/í agus tá an páiste sin ina s(h)aoaránach de chuid bhallstát an LEE nó na hEilvéise, agus tá cónaí air/uirthi inti, agus tá víosa stampa 4 aige/aici

## **Oibleagáidí iarrthóirí**

Ní mór nach mbeidh iarrthóirí:

- ag soláthar faisnéis bhréagach go feasach nó go meargánta.
- ag canbhasáil aon duine le dreasachtaí nó gan iad.
- ag pearsanú iarrthóra ag céim ar bith den phróiseas.
- ag cur isteach ar an bpróiseas nó ag baint an bhoinn de ar aon bhealach.

I gcás inar chanbhasáil iarrthóir, nó inar sháraigh sé/sí aon cheann acu sin thuas, beidh sé/sí dícháilithe agus cuirfear as an bpróiseas é/í. Ní mór gach cumarsáid maidir le haon cheann dár n-iomaíochtaí a sheoladh chuig na sonraí teagmhála atá sonraithe sa leabhrán iomaíochta aonair.

Tabhair faoi deara go bhfógraíonn an Rialálaí Agraibhia folúntais ar ardáin éagsúla amhail LinkedIn, Irish Jobs, Poist Phoiblí, etc. Ní féidir leis an Rialálaí Agraibhia glacadh le hiarratais ach iad siúd a chuirtear isteach tríd an bpróiseas mar atá leagtha amach thuas agus tríd an nasc iarratais atá sonraithe sa leabhrán iomaíochta aonair.

## **Aiseolas**

Ag gach céim den phróiseas, cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoin toradh. Nuair a chuirtear gearrliostú i bhfeidhm, arna iarraidh sin, soláthrófar aiseolas trí na scóir a bhronnfar. Tar éis agallaimh, cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi na scóir a bronnadh maidir le gach inniúlacht agus socrófar aiseolas duine le duine le cathaoirleach an bhoird agallaimh, ach é a iarraidh.

## **Saoire Bhreiteachta**

Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt faoi deara nach ndeimhnítear incháilitheacht i gcomhair na hiomaíochta maidir le sláinte, agus an leibhéal saoire breiteachta, go dtí go mbeidh iarrthóir á b(h)reithniú le haghaidh ceapacháin tar éis chéim an agallaimh iomaíoch. Ní thugtar le fios le cead isteach san iomaíocht nó le cuireadh chuig agallamh, mar sin, go gcomhlíonann iarrthóir na critéir maidir le sláinte agus saoire bhreiteachta.

## **Modhanna Roghnaithe**

Tionólfaidh an Rialálaí Agraibhia bord na saineolaithe chun na céimeanna iomaíocha den phróiseas roghnaithe a chur i gcrích ar na caighdeáin dea-chleachtais is airde. Leis an gcur chuige a chuirfear i bhfeidhm, féadfar na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Gearrliostú iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina n-iarratais;
- Agallamh iomaíoch;
- Agallamh an dara babhta;
- Ceistneoir(i) ar líne a chomhlánú;
- Sampla oibre/rólghlacadh/beart meán agus aon tástálacha eile nó aon bhearta a fhéadfar a mheas a bheith iomchuí;
- Teistiméireacht agus seiceálacha ar líne.

Sula molfar aon iarrthóir le haghaidh ceapacháin chuig an bpost fógartha, déanfaidh an Rialálaí Agraibhia gach fiosrú den sórt sin a mheasfar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a dhéanamh amach. Go dtí go gcuirfear gach céim den phróiseas earcaíochta i gcrích, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh ná a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

**Tabhair faoi deara:** Má bhíonn iarrthóir á b(h)reithniú le haghaidh ceapacháin, ceanglófar air/uirthi:

- cruthúnas ar a c(h)áilíocht ábhartha a chur isteach (*de réir mar is infheidhme*)
- dhá theistiméireacht shásúla ar a laghad a sholáthar (*féach thíos*)
- cruthúnas céannachta le comhartha aitheantais fótagrafach a chur isteach
- cruthúnas eile a chur isteach, a bhaineann leis na critéir bhunriachtanacha, de réir mar is gá (*e.g. más riachtanas í tiomáint, iarrfar cruthúnas ar láncheadúnas bailí*)
- Foirm ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais de réir mar is gá le haghaidh ceapachán áirithe (*féach an chuid um “Imréitigh Shlándála” thíos*)

## **Nóta faoi Ghearrliostú**

Mura bhfuil sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir de bharr an méid daoine a chuireann isteach ar an ról, féadfaidh gá a bheith le gearrliostú dóibh siúd a bhfuil an chuma ann gurb iad is oiriúnaí orthu le haghaidh an phoist/na bpost, rud atá bunaithe ar an iarratas a cuireadh isteach.

Dá bhrí sin, tá sé chun leas an iarrthóra féin cuntas mionsonraithe cruinn ar a t(h)aithí, a eolas agus a c(h)áilíochtaí a sholáthar agus ar conas a chomhlíonann siad na riachtanais shonracha. Má bhíonn gá le hiarrthóirí a ghearrliostú chun líon réasúnta a chuirfear chun na chéad chéime eile a shainaithint, cuirfidh an bord roghnaithe an measúnú agus an córas scórála seo a leanas i bhfeidhm:

- Déanfar measúnú ar na ceanglais le haghaidh ‘Critéir Bhunriachtanacha’ ar bhonn pas nó teip.
- Déanfar measúnú ar na “Critéir Inmhianaithe” ar bhonn uimhriúil agus glaofar chun agallaimh na daoine sin a bhaineann na scóir ab airde amach. Féadfar bonn pas nó teip a úsáid chomh maith má cheadaítear é sin leis na critéir inmhianaithe áirithe (e.g. cáilíocht áirithe a shealbhú etc.).

### **Nóta faoi Agallaimh**

Go ginearálta, ní bheidh ann ach babhta amháin d’agallaimh. Forchoimeádann an Rialálaí Agraibhia an ceart chun babhtaí agallamh sa bhreis a dhéanamh má tá iarrthóirí cothrom le chéile nó má bhreithnítear go bhfuil tuilleadh measúnaithe de dhíth.

Ba cheart d’iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí agus ag an suíomh arna sonrú ag an Rialálaí Agraibhia. Ní bheidh an Rialálaí Agraibhia freagrach as aon chostas a aisíoc a thabhaigh iarrthóirí chun teacht isteach le haghaidh agallaimh.

Tá an t-agallamh bunaithe ar inniúlacht agus beidh sé ailínithe leis na hinniúlachtaí atá leagtha amach sa leabhrán iomaíochta. Beidh líon socraithe ceisteanna faoi inniúlacht chomhsheasmhach san agallamh. Chun mearbhall a sheachaint agus cabhrú le hiarrthóirí, athdhearbhóidh an painéal agallaimh na hinniúlachtaí ag tús an agallaimh.

Féadfaidh an painéal agallaimh ceisteanna géara a chur ar iarrthóirí chun tuilleadh eolais a tharraingt nó iarracht a dhéanamh aird iarrthóirí a athdhírú. Féadfar cuireadh a thabhairt d’iarrthóirí achoimre ghairid ar a stair oibre agus ar a gcúlra oideachais a sholáthar ag tús an agallaimh. Ní bheidh siad sin ina gcuid den mheasúnú – is é an phríomhaidhm atá acu sin ná ligean d’iarrthóirí deis chun dul isteach sa phróiseas go héasca.

Beidh an painéal agallaimh ag iarraidh sampla áirithe amháin ar a laghad lena léirítear an inniúlacht i ngach gné de shamhail CTGT (Cás, Tasc, Gníomh, Toradh).

Tabhair faoi deara go mbeidh gach inniúlacht ualaithe ar bhonn uimhriúil, agus ceanglófar ar iarrthóir scór 50% ar a laghad a bhaint amach i ngach inniúlacht ionas go mbeidh sé/sí incháilithe lena b(h)reithniú le haghaidh ceapacháin.

### **Teistiméireachtaí**

Má chuirtear iarratas iarrthóra ar aghaidh chun na céime ionductaithe, ceanglófar air/uirthi dhá theistiméireacht shásúla ar a laghad a chur isteach. Beidh a dteistiméireachtaí comhlánaithe ag teastáil sula n-eiseofar tairiscint fhoirmiúil cheapacháin. Ba cheart go dtosaíonn iarrthóirí ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a mheasann siad gur moltóirí oiriúnacha iad don Rialálaí Agraibhia le dul i gcomhairle leo.

Is fearr leis an Rialálaí Agraibhia gur cheart go mbeadh teistiméireacht amháin ar a laghad comhlánaithe ag an bhfostóir is déanaí atá ag an iarrthóir. Is fearr leis an Rialálaí Agraibhia chomh maith gur oibrigh an moltóir ainmnithe leis an iarrthóir laistigh de na cúig bliana roimhe sin (a mhéid is féidir). Ní bhaileofar mionsonraí agus na moltóirí teagmháil í ach sa chás go mbeidh iarrthóir á b(h)reithniú tar éis na céime agallaimh.

Má dhiúltaíonn an duine a moladh don cheapachán é, nó tar éis glacadh leis, éiríonn sé/sí as, féadfaidh an Rialálaí Agraibhia, de réir a rogha, duine eile a roghnú agus a mholadh don cheapachán, bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe sin.

### **A Mheas go bhfuil Iarrthóireacht Tarraingthe Siar**

Ní bheidh aon éileamh breise i dtaobh breithnithe ag iarrthóirí nach dtagann isteach le haghaidh agallaimh nó tástáil eile ag an am agus ag an suíomh a iarrann an Rialálaí Agraibhia, nó nach soláthraíonn, nuair a iarrtar orthu, cruthúnas den chineál a iarrann an Rialálaí Agraibhia maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

## **Tábhacht na Rúndachta**

Féadfaidh an Rialálaí Agraibhia saineolaithe earcaíochta tríú páirtí a úsáid chun an próiseas earcaíochta ar fad nó cuid de a bhainistiú. Ba cheart go ndearbhaítear d'iarrthóirí gur dearbhthosaíocht í cosaint rúndachta. Is féidir le hiarrthóirí a bheith ag súil go gcaitear le gach fiosrú, gach iarratas agus gach gné de na himeachtaí faoi rún go hiomlán agus nach nochtar do dhuine ar bith iad, seachas iad siúd atá páirteach go díreach sa ghné sin den phróiseas, agus deimhníonn an Rialálaí Agraibhia é sin.

## **An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (SDL)**

Is coinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir (SDL) é, mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim sin, cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, níl cead ag na daoine sin atá ar scor cur isteach ar cheapachán de chuid an Rialálaí Agraibhia.

## **Dearbhú**

Ceanglófar ar iarrthóirí dearbhú cé acu ar bhain siad baint as scéim seirbhíse poiblí um dhreasachtaí luathscoir roimhe sin. Ceanglófar chomh maith ar iarrthóirí aon teidlíochtaí chun sochair pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó coinnithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhu agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht ina ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## **Comhaontú Comhchoiteann - Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí:**

Sa litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012, tugadh isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a baineadh amach idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Coiste um Sheirbhísí Poiblí de chuid Chomhdháil na gCeardchumann maidir leis na hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí.

Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'athfhostaíocht sa tseirbhís poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear le hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an

Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostaíocht.

Maidir leis na daoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfaidh éirí leo san iomaíocht seo, beidh orthu a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór go bhfaighfear toiliú an Aire roimh athfhostaíocht ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

### **Ciorclán (7/2010) ón Roinn Sláinte agus Leanaí**

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí dar dáta 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach (SSLD) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (SID). Is coinníoll den scéim SSLD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí nó sa tseirbhís poiblí níos leithne nó i gcomhlacht arna mhaoiniú go hiomlán ag airgead poiblí nó arna mhaoiniú go príomha aige.

Tá an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin SID, ach amháin go bhfuil an toirmeasc i bhfeidhm ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus tar éis na tréimhse sin beidh cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil ó aon athfhostaíocht. Níl na daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin incháilithe do cheapachán de chuid an Rialálaí Agraibhia.

### **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)**

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tugadh isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll áirithe den Scéim SSLD sin é nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostaíocht in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear le hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh tréimhse dhá bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim sin.

Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostaíocht. Tá na coinníollacha i bhfeidhm chomh maith sa chás fostaíochta ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).



## **Aoisliúntas**

Tairgfear téarmaí pinsin seirbhíse poiblí agus coinníollacha aoise scoir don cheapaí ar éirigh leis/léi atá i gcomhréir le socruithe pinsin sa Rialálaí Agraibhia ag brath ar stádas an cheapaí ar éirigh leis/léi.

Go ginearálta, maidir le duine aonair nach bhfuil aon stair Seirbhíse Poiblí inphinsin roimhe sin aige/aici laistigh de na 26 seachtain roimh an gceapachán, beidh sé/sí ina b(h)all de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) a thosaigh ón 1 Eanáir 2013 (dá dtagraítear in Alt 10 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir cóip den Acht a fheiceáil ag: <http://www.irishstatutebook.ie/2012/en/act/pub/0037/index.html>

## **Cóid Chleachtais**

Déanfar an próiseas earcaíochta agus roghnaithe le haghaidh ceapacháin chuig na poist sin i gcomhréir leis an gCód Cleachtais le haghaidh "Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí" a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Léirítear sa Chód Cleachtais na croíphrionsabail seo a leanas:

- Ionracas
- Ceapacháin a dhéantar de réir fiúntais
- Próiseas ceapachán i gcomhréir le dea-chleachtas
- Próiseas ceapachán cóir a chuirtear i bhfeidhm le comhsheasmhacht
- Ceapacháin a dhéantar ar bhealach oscailte, cuntasach agus trédhearcach

Moltar d'iarrthóirí cleachtadh a fháil ar an ábhar sa Chód Cleachtais lena n-áirítear, i measc nithe eile, na forálacha maidir leis na freagrachtaí a leagtar ar iarrthóirí a ghlacann páirt sa phróiseas earcaíochta agus roghnaithe. Is féidir teacht ar an gCód Cleachtais ach cuairt a thabhairt ar [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie)

Breithneoidh an Rialálaí Agraibhia gearáin/iarrataí ar athbhreithniú i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i Rannóga 7 agus 8 den Chód Cleachtais. Ba cheart gearáin/athbhreithnithe den sórt sin a chur faoi bhráid Aiden Kelly, an Ceann Seirbhísí Corparáideacha. Nuair is féidir, déanfaidh an Rialálaí Agraibhia iarracht déileáil le hábhair den

sórt sin ar bhonn neamhfhoirmeálta ar dtús dá bhforáiltear i Rannóga 7 agus 8 den Chód Cleachtais.

### **Imréitigh Shlándála**

Féadfar a cheangal ar iarrthóirí foirm ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais sa chás go mbreithneofar le haghaidh ceapachán áirithe iad. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a raibh cónaí ar an iarrthóir iontu. Mura n-éiríonn leis an iarrthóir, scriosfaidh an Rialálaí Agraibhia an fhaisnéis sin. Má bhíonn an t-iarrthóir á bhreithniú le haghaidh post eile ina dhiaidh sin, ceanglófar air/uirthi an fhaisnéis sin a sholáthar arís.

### **Ráiteas Príobháideachais RGCS**

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, in ionad an chreata cosanta sonraí a bhí ann cheana faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí. Nuair a chuireann iarrthóir iarratas isteach ar iomaíocht, cruthaíonn an Rialálaí taifead ríomhaire in ainm an iarrthóra. Úsáidtear faisnéis a chuirtear isteach le hiarratas ar phost i bpróiseáil an iarratais. I gcás ina n-úsáidtear na seirbhísí tríú páirtí i bpróiseáil iarratais iarrthóra, féadfar a cheangal ar an Rialálaí faisnéis a sholáthar dó/di, ach glacfar gach réamhchúram riachtanach chun slándáil sonraí an iarrthóra a chosaint. Faoi réir na bhforálacha den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais faoi rún go huile is go hiomlán.

### **Sonraí Teagmhála**

**Ainm:** Oifigeach Cosanta Sonraí, an Rialálaí Agraibhia

**Ríomhphost:** [dataprotection@agrifoodregulator.ie](mailto:dataprotection@agrifoodregulator.ie)